AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.7.2024
COM(2024) 269 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm Threoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais

1. RÉAMHRÁ

1.1. Cúlra

Is ionstraim ríthábhachtach de dhlí an Aontais í Treoir (AE) 2019/1937 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais [1] (‘an Treoir’). Leagtar síos leis íoschaighdeáin ar leibhéal an Aontais, arb é is aidhm dóibh ardleibhéal cosanta cothromaithe agus éifeachtaí a ráthú do dhaoine a thuairiscíonn faisnéis faoi sháruithe ar dhlí an Aontais i bpríomhréimsí beartais[2] i gcás ina bhféadfadh sáruithe den sórt sin dochar a dhéanamh do leas an phobail[3]. Cuireann daoine a fuair faisnéis den sórt sin i gcomhthéacs a ngníomhaíochtaí oibre agus a thuairiscíonn fúithi (‘sceithirí’) an fhaisnéis sin ar fáil do chórais forfheidhmithe náisiúnta agus Aontais. Cuidíonn sé sin le sáruithe ar dhlí an Aontais a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu. Tá sé fíor-riachtanach cosaint láidir in aghaidh frithbhirt a thabhairt do sceithirí chun tuairisciú a spreagadh agus chun éifeachtacht dhlí an Aontais a neartú. Tá sé fíor-riachtanach freisin an chosaint sin a thabhairt do sceithirí chun a saoirse chun tuairimí a nochtadh, a chumhdaítear in Airteagal 11 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a choimirciú.

Ceanglaítear leis an Treoir ar na Ballstáit an méid seo a leanas a áirithiú: (i) go mbíonn bealaí éifeachtacha ar fáil do sceithirí chun sáruithe ar rialacha an Aontais a thuairisciú faoi rún, go hinmheánach (laistigh d’eagraíocht) agus go seachtrach (d’údarás inniúil), (ii) go ndéanann na heagraíochtaí agus na húdaráis inniúla imscrúdú cuí ar thuarascálacha ó sceithirí agus go ngníomhaíonn siad ina leith; agus (iii) go gcosnaítear sceithirí ar fhrithbheart.

1.2. Cuspóir agus raon feidhme na tuarascála

Faoi Airteagal 26(1) den Treoir, bhí ar na Ballstáit an Treoir a thrasuí ina ndlíchóras náisiúnta faoin 17 Nollaig 2021. Le hAirteagal 27(1) den Treoir, ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir lena cur chun feidhme agus lena cur i bhfeidhm.

Ar an iomlán, bhí moill mhór ar thrasuí na Treorach sna Ballstáit (féach thíos). I bhfianaise thréimhse ghearr chur i bhfeidhm na Treorach agus in éagmais faisnéis ábhartha thábhachtach tráth foilsithe na tuarascála seo, ní chumhdaítear cur i bhfeidhm na Treorach sa tuarascáil.

Tá an tuarascáil sin bunaithe ar na bearta náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir, ar thug na Ballstáit fógra ina leith don Choimisiún, agus bunaithe ar thaighde seachtrach arna choimisiúnú ag an Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí. Déantar measúnú ann ar na bearta ar thug na Ballstáit fógra ina leith agus a dhearbhaigh go raibh siad trasuite ina n-iomláine faoin 17 Nollaig 2023.

---

[1] IO L 305, 26.11.2019, lch. 17.

[2] Mar shampla, áirítear orthu sin sáruithe ar rialacha maidir le soláthar poiblí, seirbhísí airgeadais, an sciúradh airgid a chomhrac, sábháilteacht an iompair agus cosaint an chomhshaoil, sáruithe ar rialacha maidir leis an tsláinte phoiblí, cosaint tomhaltóirí, cosaint sonraí, agus sáruithe a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais nó a bhaineann leis an margadh inmheánach.

[3] Féach breithiúnas an 25 Aibreán 2024, i gcás C-147/23, an Coimisiún v an Pholainn, ECLI:EU:C:2024:346, mír 73.

Déantar measúnú sa tuarascáil ar chomhlíontacht na mbeart náisiúnta leis an Treoir, i.e. cé acu a trasuíodh nó nár trasuíodh forálacha na Treorach go hiomlán agus i gceart, agus cuirtear príomheasnaimh a sainaithníodh i dtábhacht. Díríonn sé ar phríomhfhorálacha na Treorach, atá curtha i ngrúpaí sna ranna seo a leanas: raon feidhme ábhartha agus pearsanta; coinníollacha maidir le cosaint; bealaí agus nósanna imeachta tuairiscithe; agus bearta cosanta agus tacaíochta.

2. AN STÁDAS MAIDIR LE TRASUÍ

Faoi spriocdháta trasuite na Treorach (17 Nollaig 2021), níor ghlac ach trí Bhallstát bearta trasuite iomlána agus fógra á thabhairt acu ina leith[4]. Thug 8 mBallstát fógra faoi thrasuí iomlán in 2022[5] agus thug 13 Bhallstát fógra ina leith in 2023[6].

Chun trasuí na Treorach a fhorfheidhmiú, i mí Eanáir 2022 chuir an Coimisiún tús le himeachtaí um shárú in aghaidh 24 Bhallstát as mainneachtain bearta trasuite iomlána a thrasuí agus fógra a thabhairt ina leith[7]. I mí an Mhárta 2023, tharchuir an Coimisiún sé Bhallstát[8] chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (‘an Chúirt’) as mainneachtain an Treoir a thrasuí agus fógra a thabhairt faoi bhearta trasuite, agus d’iarr an Coimisiún ar an gCúirt smachtbhannaí airgeadais a fhorchur[9]. Thug an Chúirt a breithiúnas cheana i gceann amháin de na cásanna sin[10]. Ó dháta foilsithe na tuarascála sin, anuas ar na cúig chás atá fós ar feitheamh os comhair na Cúirte, tá imeachtaí um shárú fós ar siúl i gcás sé Bhallstát[11].

Go sonrach i gcás na hoibleagáide ar eintitis dhlítheanacha phríobháideacha ag a bhfuil 50-249 n-oibrí bealaí tuairiscithe inmheánacha a chur ar bun, déantar foráil sa Treoir maidir leis an dara sprioc-am trasuite, a chuaigh in éag an 17 Nollaig 2023. I mí Eanáir 2024, sheol an Coimisiún litreacha fógra fhoirmiúil chuig an dá Bhallstát[12] nár thrasuigh an oibleagáid sin faoin sprioc-am sin.

3. MEASÚNÚ AR NA BEARTA TRASUITE

3.1 Raon feidhme ábhartha agus pearsanta

3.1.1 Raon feidhme ábhartha

Leagtar síos in **Airteagal 5(1) agus (2)** na cineálacha ‘sáruithe’ is féidir a thuairisciú. Leagtar síos in **Airteagal 2** raon feidhme ábhartha na Treorach. Leagtar síos in **Airteagal 3** gaol na Treorach le (i) rialacha sonracha maidir le sáruithe a thuairisciú dá bhforáiltear i

[4] Málta, an Phortaingéil, an tSualainn.
[5] An Chipir, an Danmhairg, an Fhrainc, an Chróit, Éire, an Liotuáin, an Laitvia, an Rómáin.
[6] An Ostair, an Bhulgáir, an tSeicia, an Ghearmáin, an Ghréig, an Spáinn, an Iodáil, an Fhionlainn, an Ungáir, Lucsamburg, an Ísiltír, an tSlóivéin, an tSlóvaic.
[7] Gach Ballstát seachas Málta, an Phortaingéil agus an tSualainn.
[8] An tSeicia, an Ghearmáin, an Eastóin, Lucsamburg, an Ungáir agus an Pholainn.
[9] I gcomhréir le hAirteagal 258 agus Airteagal 260(3) de CFAE.
[10] Breithiúnas i gcás C-147/23, a luaitear thuas.
[11] An Ostair, an Bheilg, an Ghréig, an Liotuáin, an Ísiltír agus an tSlóvaic.
[12] An Eastóin agus an Pholainn.

ngníomhartha eile de chuid an Aontais agus (ii) forálacha an Aontais nó forálacha náisiúnta maidir le cineálacha sonracha faisnéise a chosaint agus maidir le nós imeachta coiriúil. Leagtar amach sna forálacha sin ábhar na dtuarascálacha agus nochtaí poiblí a chumhdaítear leis an Treoir. Tá sé ríthábhachtach iad a thrasuí i gceart chun a áirithiú go mbeidh an Treoir éifeachtach chun a haidhm a bhaint amach, is é sin forfheidhmiú dhlí an Aontais i bpríomhréimsí beartais a neartú.

Rinne roinnt Ballstát an sainmhíniú ar sháruithe faoi **Airteagal 5(1)** a thrasuí go sriantach, go háirithe trí na sáruithe lena gcloítear sprioc nó cuspóir na rialacha a thagann faoin raon feidhme ábhartha (i.e. cásanna mí-úsáide dlí) a fhágáil ar lár. Ní áirítear leis sin na cásanna sin go háirithe i réimse dlí cánach corparáide a thuairisciú. Thairis sin, theip ar roinnt Ballstát príomhghnéithe den sainmhíniú ar 'fhaisnéis faoi sháruithe' faoi **Airteagal 5(2)** a thrasuí, cuir i gcás 'amhras réasúnach', sáruithe atá 'an-dócha go dtarlóidh siad' nó 'iarrachtaí chun sáruithe a cheilt', rud a chúngaíonn raon feidhme na faisnéise is féidir a thuairisciú.

Tá éagsúlacht ann ar fud na mBallstát sa teicníc dhlíthiúil a úsáidtear chun na réimsí beartais a leagtar síos sna nithe seo a leanas a thrasuí: (i) **Airteagal 2** agus (ii) gníomhartha an Aontais a liostaítear san **Iarscríbhinn** a ghabhann leis an Treoir. Léirigh formhór na mBallstát réimsí Airteagal 2 sna dlíthe trasuite, lena n-áirítear na gníomhartha dá dtagraítear san Iarscríbhinn, trí na gníomhartha a atáirgeadh go sainráite nó trí chrostagairt a dhéanamh don Iarscríbhinn. Theip ar roinnt Ballstát na gníomhartha dlí a cuireadh leis an Iarscríbhinn a áireamh sa raon feidhme ábhartha, áfach, lena n-áirítear na gníomhartha dlí a glacadh tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach[13].

Rinne roinnt Ballstát an raon feidhme ábhartha a thrasuí go mícheart ós rud é nach liostaítear ina ndlíthe na réimsí dlí a leagtar síos in Airteagal 2, ní dhéanann siad, áfach, ach crostagairt don Treoir ina hiomláine, rud nach soláthraítear deimhneacht dhlíthiúil leordhóthanach leis. I mBallstát amháin, cumhdaíonn an raon feidhme ábhartha tuarascálacha ar sháruithe i réimsí na Treorach, ar choinníoll go ndéantar iad chun leas an phobail a chosaint.

Rinne thart ar leath de na Ballstáit Airteagal 2 a thrasuí go mícheart maidir leis an sainmhíniú ar sháruithe a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 325 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE') nó ar sháruithe a bhaineann leis an margadh inmheánach dá dtagraítear in Airteagal 26(2) CFAE, toisc nach raibh tagairt shoiléir iontu do rialacha an Aontais a bhfuil feidhm acu sna réimsí sin.

Leathnaigh tromlach mór na mBallstát raon feidhme a ndlíthe trasuite chuig réimsí nó gníomhartha nach gcumhdaítear leis an Treoir[14]. Chuir roinnt Ballstát gach sárú ar dhlí an

[13] Ó tháinig an Treoir i bhfeidhm, cuireadh ceithre ghníomh leis an Iarscríbhinn a ghabhann léi: Rialachán (AE) 2020/1503 maidir le soláthraithe Eorpacha seirbhísí sluachistiúcháin; Rialachán (AE) 2022/1925 maidir leis an nGníomh um Margaí Digiteacha, agus Rialachán (AE) 2023/1114 maidir le margaí i gcripteashócmhainní; Rialachán (AE) 2024/573 maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe, lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 517/2014.

[14] Tá na Ballstáit á spreagadh go leanúnach ag an gCoimisiún, agus an Treoir á trasuí acu, chun machnamh a dhéanamh ar a raon feidhme a leathnú chuig réimsí eile, agus ar bhonn níos ginearálta, chun creat cuimsitheach

Aontais san áireamh sa raon feidhme ábhartha. Leathnaigh roinnt acu an raon feidhme chun sáruithe ar rialacha náisiúnta nach gcuireann dlí an Aontais chun feidhme ach a bhaineann leis na réimsí a liostaítear sa Treoir a chumhdach. Leathnaigh thart ar leath de na Ballstáit an raon feidhme chuig réimsí sonracha breise den dlí náisiúnta, cuir i gcás cionta éillithe nó cionta (tromchúiseacha) coiriúla agus/nó riaracháin. Leathnaigh roinnt Ballstát raon feidhme a ndlíthe trasuite chuig réimsí sonracha, cuir i gcás dlí an tsaothair nó sláinte cheirde agus sábháilteacht ceirde. Tá gach sárú (tromchúiseach) ar an dlí náisiúnta a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do leas an phobail curtha san áireamh ag roinnt Ballstát.

De réir **Airteagal 3(2),** níor cheart go ndéanfadh an Treoir difear do fhreagracht na mBallstát slándáil náisiúnta a áirithiú nó dá gcumhacht a leasanna slándála fíor-riachtanacha a chosaint. Cuireann an Coimisiún i dtábhacht go láidir gur cheart do na Ballstáit cothromaíocht iomchuí a aimsiú idir na nithe seo a leanas: (i) cuspóir na Treorach, i.e. forfheidhmiú éifeachtach na rialacha a thagann faoina raon feidhme (lena n-áirítear rialacha lena rialaítear conarthaí soláthair phoiblí measctha lena mbaineann gnéithe cosanta nó slándála) agus (ii) cosaint na slándála náisiúnta. Cuireann an Coimisiún i dtábhacht go láidir freisin go gceanglaítear le h**Airteagal 3(3)(a)** ar na Ballstáit cothromaíocht iomchuí a aimsiú idir na nithe seo a leanas: (i) cuspóir na Treorach agus (ii) faisnéis rúnaicmithe a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe.

Sainaithníodh saincheisteanna maidir le neamhchomhlíonadh i dtuairim is leath de na Ballstáit. Déanann cuid acu faisnéis a bhaineann le slándáil náisiúnta agus/nó faisnéis rúnaicmithe a eisiamh go hiomlán ó raon feidhme na ndlíthe trasuite fiú nuair a bhaineann an fhaisnéis sin leis na réimsí beartais a chumhdaítear leis an Treoir. I roinnt cásanna, ní léir an dtagann tuarascálacha ar sháruithe ar rialacha soláthair a bhaineann le gnéithe cosanta nó slándála a chumhdaítear le reachtaíocht ábhartha an Aontais faoi raon feidhme na ndlíthe trasuite. Bhí roinnt Ballstát ag brath ar Airteagal 3(2) chun catagóirí iomlána daoine, cuir i gcás pearsanra cosanta, míleata nó faisnéise, a eisiamh ó raon feidhme na ndlíthe trasuite.

Rinneadh an díolúine maidir le cosaint do thuarascálacha a chumhdaítear le pribhléid ghairmiúil dlí agus leighis agus le rúndacht an phlé bhreithiúnaigh (**Airteagal 3(3)(b) agus (c**)) a thrasuí go mícheart i bhformhór na mBallstát. I roinnt de na Ballstáit sin, leathnaíodh an díolúine maidir le pribhléid ghairmiúil dlí go míchuí thar chosaint rúndacht na cumarsáide idir dlíodóirí agus a gcliaint. Dlíthe trasuite eile: (i) tuarascálacha díolmhaithe a chumhdaítear go ginearálta le hoibleagáid maidir le rúndacht ghairmiúil nó (ii) an díolúine maidir le rúndacht an phlé bhreithiúnaigh a leathnú chuig gníomhaíochtaí uile breithiúna nó imeachtaí breithiúnacha i gcoitinne a chumhdach.

3.1.2 Raon feidhme pearsanta

Is é cuspóir **Airteagal 4** a áirithiú go dtabharfar cosaint don raon is leithne daoine a bhfuil rochtain phribhléideach acu ar fhaisnéis faoi sháruithe, de bhua a ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an obair, agus a d'fhéadfadh a bheith thíos le frithbheart má thuairiscíonn siad faisnéis den sórt sin.

---

agus comhleanúnach a áirithiú ar an leibhéal náisiúnta. Féach an Teachtaireacht ón gCoimisiún 'Cosaint do sceithirí a neartú ar leibhéal an Aontais' an 23.4.2018, COM(2018) 214 final.

Tá liosta táscach in **Airteagal 4(1)** de chatagóirí daoine a thagann faoin Treoir. Rinne roinnt Ballstát foráil maidir le liosta uileghabhálach, cé gur theip ar roinnt Ballstát roinnt catagóirí a liostaítear in Airteagal 4(1) a thrasuí, cuir i gcás 'oiliúnaithe íoctha agus neamhíoctha','oibrithe deonacha', 'conraitheoirí' nó 'soláthraithe'. Thrasuigh formhór na mBallstát na coincheapa 'oibrithe' agus 'daoine féinfhostaithe' gan na tagairtí d'Airteagal 45(1) agus Airteagal 49 CFAE, faoi seach, rud a theorannaigh na coincheapa sin dá sainmhíniú faoin dlí náisiúnta agus a bhain an bonn de chur i bhfeidhm aonfhoirmeach na gcoincheap uathrialach sin de dhlí an Aontais ar fud na mBallstát.

Foráiltear le h**Airteagal 4(4)** freisin cosaint ar fhrithbheart do dhaoine eile seachas na daoine tuairiscithe, de réir mar is ábhartha, cuir i gcás éascaitheoirí agus tríú daoine a bhfuil baint acu leis na daoine tuairiscithe a d'fhéadfadh a bheith thíos le frithbheart i gcomhthéacs oibre, lena n-áirítear gaolta agus comhghleacaithe. Déantar an fhoráil sin a thrasuí go sriantach i roinnt Ballstát nach gclúdaíonn éascaitheoirí nó tríú daoine i gceart.

3.2. Coinníollacha maidir le cosaint

Leagtar amach in **Airteagail 6, 7, 10 agus 15** na coinníollacha maidir le cosaint in aghaidh frithbhirt do dhaoine a dhéanann tuarascáil nó nochtadh poiblí.

Leagtar síos in **Airteagal 6(1)** na coinníollacha faoina bhfuil daoine tuairiscithe incháilithe le haghaidh cosanta, lena n-áirítear go bhfuil forais réasúnacha acu chun a chreidiúint go raibh an fhaisnéis fíor tráth an tuairiscithe. Ciallaíonn sé sin nach gcaillfidh na daoine tuairiscithe cosaint má thuairiscigh siad faisnéis mhíchruinn de bhotún macánta agus go bhfuil na cúiseanna don tuairisciú neamhábhartha. Tá Airteagal 6(1) trasuite go mícheart ag roinnt Ballstát a ndealraíonn sé go gcuireann a ndlíthe cúiseanna an duine san áireamh chun críocha cosanta.

Leagtar síos in **Airteagal 7(1) agus (2)** an prionsabal go bhfuil saoirse ag daoine tuairiscithe a roghnú cé acu a dhéanfaidh siad an chéad tuairisciú go hinmheánach nó a dhéanfaidh siad tuairisciú díreach go seachtrach. Foráiltear le h**Airteagal 6(4)** go bhfuil daoine a thuairiscíonn d'institiúidí agus do chomhlachtaí ábhartha de chuid an Aontais incháilithe le haghaidh cosanta faoi na coinníollacha céanna le daoine a thuairiscíonn go seachtrach. Forchuireann roinnt Ballstát go mícheart oibleagáid gur cheart tuairisciú go hinmheánach ar dtús nó ní cheadaíonn siad tuairisciú díreach seachtrach ach amháin in imthosca sonracha. Níl foráil déanta go sainráite ag roinnt Ballstát maidir le cosaint a thabhairt do dhaoine a thuairiscíonn d'institiúidí de chuid an Aontais.

Leagtar amach in **Airteagal 15** den Treoir na coinníollacha maidir le nochtadh poiblí a chosaint.

Go sonrach, leagtar síos in **Airteagal 15(1)(b)** na coinníollacha maidir le nochtadh poiblí díreach a dhéanamh, i.e. gan tuairisciú a dhéanamh ar dtús go hinmheánach agus go seachtrach nó go seachtrach ar a laghad. Ceanglaítear leis go mbeidh forais réasúnacha ag na daoine chun a chreidiúint: (i) go bhféadfadh an sárú a bheith ina gharchontúirt nó ina chontúirt fhollasach do leas an phobail nó (ii) i gcás tuairisciú seachtrach, go bhfuil riosca frithbhirt ann nó gur beag an seans go dtabharfar aghaidh go héifeachtach ar an sárú. Liostaítear ann freisin imthosca sonracha arb éard atá iontu cásanna a thagann faoi (i) nó (ii),

cuir i gcás imthosca ina bhfuil baol ann go ndéanfar damáiste dochúlaithe nó ina bhféadfaí fianaise a cheilt nó a scriosadh.

Níor thrasuigh roinnt Ballstát na himthosca bunaitheacha a leagtar amach in Airteagal 15(1)(b). Tá roinnt acu tar éis sainmhíniú mícheart a thabhairt ar staid na contúirte do leas an phobail nó ar an riosca frithbhirt.

3.3. Bealaí agus nósanna imeachta tuairiscithe

3.3.1. Bealaí agus nósanna imeachta tuairiscithe inmheánacha

Tugtar sainmhíniú in **Airteagal 8** den Treoir ar na heintitis dhlítheanacha san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí a gceanglaítear orthu bealaí agus nósanna imeachta a bhunú le haghaidh tuairisciú inmheánach. Leagtar amach ann freisin na coinníollacha faoina bhféadfaidh tríú páirtí bealaí den sórt sin a roinnt nó a oibriú go seachtrach.

Ceanglaítear le h**Airteagal 8(3)** ar gach eintiteas dlítheanach san earnáil phríobháideach ag a bhfuil 50 oibrí nó níos mó bealaí inmheánacha a bhunú. Le h**Airteagal 8(6**) ceadaítear d'eintitis dhlítheanacha phríobháideacha ag a bhfuil 50-249 n-oibrí acmhainní a chomhroinnt chun tuarascálacha a fháil agus imscrúduithe a dhéanamh, arb é is aidhm dóibh ualaí ar na heintitis sin a laghdú. Rinne roinnt Ballstát an tsolúbthacht dá bhforáiltear in Airteagal 8(6) a leathnú go mícheart chuig eintitis níos mó freisin. Go sonrach, cheadaigh siad do ghrúpaí corparáideacha bealaí tuairiscithe a chur ar bun ar leibhéal an ghrúpa amháin, rud a d'fhág go raibh gach eintiteas a bhaineann leis an ngrúpa céanna díolmhaithe ón oibleagáid a gcainéal inmheánach féin a chur ar bun. Tagann sé sin salach ar chuspóir na Treorach inrochtaineacht agus gaireacht na mbealaí do sceithirí a d'fhéadfadh a bheith ann a áirithiú.

Leagtar amach in **Airteagal 9** na ceanglais is infheidhme maidir le nósanna imeachta tuairiscithe inmheánacha. Ní dhearnadh gnéithe éagsúla den fhoráil sin, cuir i gcás an oibleagáid obair leantach a dhéanamh go dícheallach ar thuarascálacha, nó na tréimhsí ama chun a admháil go bhfuarthas iad nó do na cruinnithe fisiciúla, a thrasuí i gceart i bhformhór na mBallstát.

3.3.2. Bealaí agus nósanna imeachta seachtracha

Leagtar amach in **Airteagal 11** na hoibleagáidí chun bealaí tuairiscithe seachtracha a bhunú agus chun obair leantach a dhéanamh ar thuarascálacha.

Rinneadh cuid de na hoibleagáidí sin a thrasuí go mícheart. Eisiatar ó Bhallstát amháin bearta leantacha a dhéanamh ar tuarascálacha maidir le sáruithe a rinneadh níos mó ná 2 bhliain roimhe sin, teorainn ama a bhaineann an bonn d'éifeachtacht na Treorach ó thaobh forfheidhmiú dhlí an Aontais a neartú. Ní sholáthraíonn roinnt Ballstát an deimhneacht dhlíthiúil is gá maidir le cé hiad na húdaráis inniúla ainmnithe.

Leagtar amach in **Airteagal 11(6)** oibleagáidí sonracha do na húdaráis a fhaigheann tuarascálacha agus nach bhfuil an inniúlacht acu aghaidh a thabhairt orthu. Rinne thart ar leath de na Ballstáit é a thrasuí go mícheart. Is amhlaidh atá, mar shampla, i gcás nach

bhforchuireann siad na hoibleagáidí sin ach ar údaráis áirithe; i gcás ina bhfágann siad ar lár an oibleagáid na tuarascálacha a tharchur chuig na húdaráis inniúla laistigh de thréimhse réasúnta, ar bhealach slán; nó fágann siad an oibleagáid ar lár an duine tuairiscithe a chur ar an eolas go pras.

3.3.3. Tuarascálacha anaithnide a láimhseáil

De réir Airteagal 6(2), ní dhéanann an Treoir difear do chumhacht na mBallstát cinneadh a dhéanamh i dtaobh oibleagáid a chur ar eintitis dhlítheanacha san earnáil phríobháideach nó phoiblí agus ar údaráis inniúla glacadh le tuarascálacha anaithnide agus obair leantach a dhéanamh orthu. Cuireann an Coimisiún i dtábhacht go láidir, má fhorchuireann na Ballstáit oibleagáid den sórt sin maidir le glacadh le tuarascálacha anaithnide, nach mór na tuarascálacha sin a láimhseáil ar an gcaoi chéanna le gach tuarascáil eile, i dtéarmaí chearta nós imeachta na ndaoine tuairiscithe agus i dtéarmaí oibleagáidí na n-eintiteas agus na n-údarás obair leantach a dhéanamh ar na tuarascálacha sin.

Rialaíonn thart ar leath de na dlíthe trasuite tuarascálacha anaithnide, agus forchuireann an chuid is mó acu oibleagáid glacadh le tuarascálacha anaithnide faoi údaráis inniúla agus obair leantach a dhéanamh orthu nó ar bhonn níos leithne faoi na heintitis dhlítheanacha uile a oibríonn bealaí tuairiscithe. Déanann cuid acu foráil, áfach, maidir le maoluithe ar cheanglais na Treorach, mar shampla chun a admháil go bhfuarthas iad agus aiseolas, nó obair leantach. Déanann Ballstát amháin foráil maidir le nós imeachta atá go hiomlán éagsúil chun tuarascálacha anaithnide a láimhseáil agus chun obair leantach a dhéanamh orthu.

3.3.4. Dualgas rúndachta

Leagtar síos in **Airteagal 16** na ceanglais rúndachta is infheidhme maidir le tuairisciú seachtrach agus inmheánach araon chun céannacht na ndaoine tuairiscithe a chosaint. Ar an gcaoi chéanna, ceanglaítear le h**Airteagal 5(8)** go mbeidh aon chúnamh a thabharfaidh éascaitheoirí faoi rún.

Ceanglaítear le h**Airteagal 16(1)** ar na Ballstáit a áirithiú nach nochtfar céannacht an duine tuairiscithe d'aon duine seachas na comhaltaí foirne údaraithe atá inniúil chun na tuarascálacha a fháil agus obair leantach a dhéanamh ina leith, gan toiliú sainráite an duine sin. Leagtar síos in **Airteagal 16(2)** na coinníollacha maidir le maoluithe ar dhualgas na rúndachta. Rinne roinnt Ballstát an maolú sin a thrasuí go mícheart, mar shampla tríd an tagairt do chomhthéacs na n-imscrúduithe nó na n-imeachtaí breithiúnacha a fhágáil ar lár. Níor thrasuigh roinnt Ballstát i gceart na coimircí a bhfuil úsáid an mhaolaithe seo faoina réir faoi **Airteagal 16(3),** e.g. go gcuirtear an duine tuairiscithe ar an eolas *sula* nochtar a chéannacht nó go seolann an t-údarás inniúil ráiteas chucu ina mínítear na cúiseanna leis an nochtadh.

Maidir le h**Airteagal 5(8),** rinne roinnt Ballstát an coincheap 'éascaitheoirí' a thrasuí agus an ceanglas rúndachta á fhágáil ar lár acu. Déanann sé sin difear do rúndacht chéannacht na ndaoine tuairiscithe agus na ndaoine lena mbaineann araon. Déanann sé difear freisin do ról na n-éascaitheoirí sa phróiseas tuairiscithe, toisc go bhféadfaí iad a chomhshamhlú le faighteoirí nochtaí poiblí.

3.4. Bearta cosanta agus tacaíochta

Leagtar amach in **Airteagail 19 go 23** na bearta cosanta agus tacaíochta do na daoine dá dtagraítear in Airteagal 4, agus do na daoine lena mbaineann tuarascálacha nó nochtadh poiblí.

3.4.1. Toirmeasc ar fhrithbheart

Ceanglaítear le h**Airteagal 19** ar na Ballstáit aon chineál frithbhirt a thoirmeasc, lena n-áirítear bagairtí agus iarrachtaí frithbhirt, agus soláthraítear leis liosta neamh-uileghabhálach - ach liosta bunaitheach de bhearta frithbhirt toirmiscthe.

Tá an toirmeasc ar bhagairtí agus ar iarrachtaí frithbhirt fágtha ar lár ag roinnt Ballstát. Thrasuigh roinnt Ballstát Airteagal 19 trí bhíthin toirmeasc cineálach ar fhrithbheart, gan an liosta a leagtar amach san Airteagal seo a mhacasamhlú. D'fhág thart ar leath de na Ballstáit ina raibh liosta táscach de chineálacha iompair toirmiscthe foirmeacha áirithe frithbhirt a liostaítear san Airteagal seo ar lár nó thrasuigh siad go mícheart iad.

3.4.2. Bearta tacaíochta

Ceanglaítear le h**Airteagal 20** ar na Ballstáit rochtain ar bhearta tacaíochta a áirithiú, go háirithe: (i) faisnéis agus comhairle chuimsitheach, neamhspleách, saor in aisce; (ii) cúnamh éifeachtach ó údaráis inniúla, agus (iii) cúnamh dlíthiúil.

Ní áirithíonn roinnt Ballstát rochtain ar chomhairle aonair, ach ní gá ach faisnéis a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin. Ní áirithítear le roinnt dlíthe trasuite go gcuirfidh údaráis inniúla cúnamh éifeachtach ar fáil. Ní chuireann roinnt Ballstát crostagairtí san áireamh don reachtaíocht is infheidhme maidir le cúnamh dlíthiúil, rud a chruthaíonn éiginnteacht dhlíthiúil.

Le h**Airteagal 20(2)** deonaítear an rogha do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le cúnamh airgeadais agus bearta tacaíochta eile mar chuid d'imeachtaí breithiúnacha. Rinne roinnt Ballstát foráil maidir le tacaíocht airgeadais faoi choinníollacha áirithe, e.g. i gcás meath tromchúiseach ar staid airgeadais an duine tuairiscithe, agus tá tacaíocht shíceasóisialta beartaithe freisin i roinnt Ballstát.

3.4.3. Cosaint in aghaidh frithbhirt agus bearta feabhais

Leagtar amach in **Airteagal 21** na bearta maidir le cosaint in aghaidh frithbhirt, lena n-áirítear díolúintí ó dhliteanas agus an dualgas cruthúnais a aistriú, chomh maith le bearta feabhais, lena n-áirítear faoiseamh eatramhach agus cúiteamh. Déantar foráil in **Airteagal 23(2)** maidir le bearta chun an damáiste a d'fhulaing daoine lena mbaineann a chúiteamh.

Déantar le h**Airteagal 21(2)** na daoine tuairiscithe a dhíolmhú, faoi choinníollacha áirithe, ó dhliteanas i leith sáruithe ar shrianta ar nochtadh faisnéise, cuir i gcás clásail dílseachta nó comhaontuithe neamhnochta. Rinneadh an fhoráil sin a thrasuí go mícheart i roinnt Ballstát a dhéanann foráil maidir le coinníollacha breise, mar shampla trína cheangal gur ghníomhaigh an duine tuairiscithe de mheon macánta, nó nach gcuireann an díolúine ó dhliteanas i bhfeidhm maidir le tuarascálacha i réimsí áirithe dlí ná maidir le nochtadh poiblí.

Leagtar amach sa chéad fhomhír d'**Airteagal 21(7)** díolúine ó aon dliteanas in imeachtaí breithiúnacha maidir le, i measc nithe eile, clúmhilleadh, sárú ar rialacha cosanta sonraí, rúin trádála a nochtadh nó éileamh ar chúiteamh. Chuir formhór na mBallstát srian le raon feidhme na díolúine sin, e.g., trí (i) éascaitheoirí nó tríú daoine a bhfuil baint acu leis an duine tuairiscithe, (ii) cineálacha áirithe imeachtaí breithiúnacha nó (iii) nochtadh poiblí a eisiamh. Sonraítear sa dara fomhír d'Airteagal 21(7) na coinníollacha maidir le díolúine ó dhliteanas má áirítear rúin trádála san fhaisnéis faoi sháruithe a thuairiscítear nó a nochtar go poiblí. Thrasuigh roinnt Ballstát go mícheart an ceanglas go measfar é a bheith dleathach faoi dhlí an Aontais is infheidhme i gcás ina gcomhlíonann an duine a thuairiscigh nó a nocht an fhaisnéis sin go poiblí coinníollacha na Treorach.

Déantar foráil in **Airteagal 21(3)** maidir le díolúine ó dhliteanas i leith gníomhaíochtaí a dhéantar chun an fhaisnéis a thuairiscítear nó a nochtar go poiblí a fháil – nó chun rochtain a fháil uirthi – ach amháin más cionta coiriúla iontu féin iad, i.e. nach mbaineann siad leis an tuairisciú nó leis an nochtadh poiblí nó nach bhfuil gá leo chun sárú a nochtadh. Rinne thart ar leath de na Ballstáit an fhoráil sin a thrasuí go mícheart, i bhformhór na gcásanna tríd an gceanglas a bhaineann le coincheap 'ann féin/iontu féin' a fhágáil ar lár, rud a bhaineann a héifeachtacht den díolúine.

Leagtar amach in **Airteagal 21(5)** dualgas cruthúnais a aistriú in imeachtaí a bhaineann le frithbheart in aghaidh an duine tuairiscithe, i.e. cuireann sé an t-ualach ar an duine a rinne an beart díobhálach a chruthú nach raibh an beart nasctha ar aon bhealach leis an tuairisciú. Rinne roinnt Ballstát an fhoráil sin a thrasuí go mícheart, e.g. trína cheangal ar an duine tuairiscithe dlíthiúlacht an tuairiscithe a chruthú nó a shuí *prima facie* go ndearnadh beart áirithe mar fhrithbheart i leith na tuarascála. I mBallstát amháin, níl feidhm ag dualgas cruthúnais a aistriú ach ar feadh tréimhse 2 bhliain.

De réir **Airteagal 21(6) agus (8)**, ní mór rochtain a bheith ag daoine a d'fhulaing frithbheart ar bhearta feabhais, lena n-áirítear faoiseamh eatramhach, agus ar bhearta chun damáiste a chúiteamh. Ní dhearnadh le roinnt dlíthe náisiúnta na forálacha maidir le faoiseamh eatramhach agus cúiteamh a thrasuí go leormhaith. Go háirithe, ní dhéantar foráil leis na dlíthe sin maidir le faoiseamh eatramhach nó cruthaíonn siad éiginnteacht dhlíthiúil trí chrostagairtí do na forálacha ginearálta is infheidhme a fhágáil as an áireamh. Thairis sin, i roinnt cásanna, tá cúiteamh teoranta do dhamáistí airgeadaíochta agus ní áirithítear le roinnt dlíthe go bhfuil na bearta feabhais ar fáil do gach duine atá i dteideal cosanta.

Ceanglaítear le h**Airteagal 23(2)** ar na Ballstáit bearta a sholáthar chun damáiste a d'fhulaing daoine lena mbaineann a chúiteamh i gcás inar thuairiscigh na daoine tuairiscithe faisnéis bhréagach go feasach nó inar nocht siad faisnéis bhréagach go feasach don phobal. Theip ar thart ar leath de na Ballstáit an fhoráil sin a thrasuí i gceart, e.g. trí chrostagairtí iomchuí do na dlíthe is infheidhme a fhágáil as an áireamh.

3.4.4. Pionóis

Ceanglaítear le h**Airteagal 23(1) agus (2)** ar na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha do dhaoine a chuireann bac ar thuairisciú nó a dhéanann iarracht bac a chur air; a dhéanann frithbheart nó imeachtaí

cráiteacha in aghaidh daoine atá i dteideal cosanta; a sháraíonn an dualgas maidir le rúndacht chéannacht na ndaoine tuairiscithe a choinneáil, do dhaoine a thuairiscíonn faisnéis bhréagach go feasach nó a nochtann go poiblí í.

Rinne roinnt Ballstát: (i) an t-iompar ar gearradh smachtbhannaí air a shainmhíniú i dtéarmaí doiléire, e.g. trí phionós a ghearradh as sáruithe nó mí-úsáidí ar an dlí náisiúnta trasuite i gcoitinne; nó (ii) pionóis a thabhairt isteach a bhfuil an chuma orthu go bhfuil siad ró-íseal le go measfaí iad a bheith athchomhairleach. Níl na pionóis le haghaidh 'iarrachtaí' chun bac a chur ar thuairisciú trasuite i gceart ag roinnt Ballstát nó tá coincheap an 'bhaic' sainmhínithe acu trí bhíthin liosta uileghabhálach, rud a chúngaíonn an coincheap. Ar an iomlán, rinneadh pionóis frithbhirt a thrasuí i gceart, agus is iad seo a leanas is cúis le roinnt saincheisteanna maidir le comhlíonadh: (i) easpa deimhneacht dhlíthiúil maidir lena bhfuil i gceist le hiompar ar féidir smachtbhannaí a ghearradh ina leith, (ii) fíneálacha atá íseal go neamhéifeachtach nó (iii) pionósú frithbhirt in aghaidh daoine tuairiscithe amháin agus ní in aghaidh catagóirí eile dá dtagraítear in Airteagal 4 (cuir i gcás éascaitheoirí). Theip ar roinnt Ballstát na pionóis le haghaidh imeachtaí cráiteacha a thrasuí i gceart toisc nár leagadh síos pionós sonrach nó trí chrostagairt do reachtaíocht ábhartha eile a fhágáil as an áireamh. Rinneadh na pionóis as sáruithe rúndachta a thrasuí go mícheart i gcásanna áirithe, e.g. mar gheall ar easpa crostagairtí iomchuí don reachtaíocht is infheidhme.

4. CONCLÚID

Bhí sé d'aidhm ag glacadh na Treorach feabhas a chur ar fhorfheidhmiú dhlí an Aontais trí thuairisciú sáruithe a éascú agus trí chosaint láidir a sholáthar do na daoine tuairiscithe. Soláthraíonn an Treoir breisluach trí chomhchaighdeáin shoiléire a leagan síos lena dtugtar aghaidh ar chás na cosanta ilroinnte agus míchothrom a bhí ann roimhe seo ar fud an Aontais agus ar fud na réimsí beartais.

Tá sé ríthábhachtach deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar chun na críche sin. Ní mór do dhaoine a bheith in ann méid a gceart agus na coinníollacha cosanta a thuiscint go hiomlán. Ní mór dóibh a bheith in ann cinntí eolasacha a dhéanamh ar cheart dóibh nó conas ba cheart dóibh tuairisciú nó nochtadh poiblí a dhéanamh, gan an baol a bheith ann 'go ndéanfaí neamhaird de' mar gheall ar dhoiléire nó débhríocht na rialacha is infheidhme.

Thrasuigh na Ballstáit uile príomhfhorálacha na Treorach e.g. maidir leis na coinníollacha cosanta, maidir leis na ceanglais i ndáil leis na bealaí tuairiscithe inmheánacha agus seachtracha a bhunú agus a oibriú, maidir le frithbheart a thoirmeasc agus maidir leis na bearta cosanta agus tacaíochta do dhaoine tuairiscithe. Leathnaigh tromlach mór na mBallstát córas cosanta na Treorach chuig réimsí eile den dlí náisiúnta. Tá foráil déanta ag roinnt Ballstát maidir le bearta tacaíochta breise, cuir i gcás cúnamh airgeadais agus síceolaíoch do dhaoine tuairiscithe.

Cé go n-aithníonn an Coimisiún na hiarrachtaí atá déanta ag na Ballstáit go dtí seo, is oth leis go ndearnadh an Treoir a thrasuí go fiordhéanach ar an iomlán. Mar a d'aithin an Chúirt, tá easpa ghlacadh na bhforálacha is gá chun trasuí iomlán agus beacht na Treorach seo a áirithiú

thar a bheith tromchúiseach, i bhfianaise a thábhachtaí atá sé chun leas an phobail a chosaint[15]. Cuireann an Coimisiún i dtábhacht go láidir go bhfuil éifeacht mhór dhiúltach ag an easpa bealaí tuairiscithe rúnda agus ag an easpa cosanta iomchuí ar sceithirí a d'fhéadfadh a bheith ann, rud a bhfuil tionchair dhiúltacha aige i bhfad níos faide ná an Treoir féin. Baineann sé an bonn d'fhorfheidhmiú éifeachtach ghníomhartha dlí uile de chuid an Aontais a thagann faoina raon feidhme ábhartha agus den tsaoirse chun tuairimí a nochtadh.

Thairis sin, léirítear sa tuarascáil seo gur gá feabhas a chur ar thrasuí na Treorach maidir le príomhréimsí áirithe, cuir i gcás an raon feidhme ábhartha, na coinníollacha maidir le cosaint agus na bearta cosanta in aghaidh frithbhirt, go háirithe na díolúintí ó dhliteanas agus na pionóis.

Leanfaidh an Coimisiún de mheasúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na Treorach ag na Ballstáit agus déanfaidh sé bearta iomchuí chun a áirithiú go ndéanfar í a thrasuí go hiomlán agus i gceart ar fud an Aontais, lena n-áirítear trí imeachtaí um shárú a sheoladh i gcás inar gá.

Tar éis tréimhse leordhóthanach cur chun feidhme, agus tráth nach déanaí ná 2026, cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 27(3) faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, ina ndéanfar measúnú ar fheidhmiú na Treorach agus ina gcuirfear san áireamh an gá atá le bearta breise, lena n-áirítear leasuithe d'fhonn a raon feidhme a leathnú chuig gníomhartha nó réimsí breise de chuid an Aontais.

[15] Féach breithiúnas i gcás C-147/23, a luaitear thuas, míreanna 73 agus 97.